



An Chomhairle Eorpach

An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2016
(OR. en)

EUCO 31/16

CO EUR 8
CONCL 4

NÓTA CLÚDAIGH

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

Ábhar: Cruinniú den Chomhairle Eorpach (20 agus 21 Deireadh Fómhair 2016)
– Conclúidí

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

I. AN IMIRCE

1. Rinne an Chomhairle Eorpach breithniú ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le beartas cuimsitheach imirce an Aontais, agus dhírigh sí ar an tábhacht a bhaineann lena chur chun feidhme. Ba ar an ngné sheachtrach a díriodh go háirithe sa díospóireacht.

Na teorainneacha seachtracha a chosaint

2. Is céimeanna tábhachtacha iad teacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach ar an 6 Deireadh Fómhair agus na hiarrachtaí náisiúnta a rinneadh chun rialú ár dteorainneacha seachtracha a neartú agus chun 'filleadh ar Schengen' trí na rialuithe inmheánacha sealadacha a athrú i gcomhréir leis na riachtanais reatha. Tá foireann agus trealamh á n-imscaradh ag na Ballstáit anois chuig an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach ionas go mbainfear amach lánacmhainneacht don mhearfhreagairt agus don fhilleadh roimh dheireadh na bliana.
3. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí cód athbhreithnithe teorainneacha Schengen a ghlacadh go gasta, cód lena ndéantar rialuithe córasacha a fhorfheidhmiú ar na taistealaithe go léir a théann thar theorainneacha seachtracha an Aontais agus iarrann sí ar an gComhairle a seasamh a bhunú maidir le córas isteach/amach roimh dheireadh 2016. Tá sí ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún atá ar na bacáin maidir le córas Eorpach um fhaisnéis agus údarú taistil a chur ar bun, sa chaoi go mbeifear in ann seiceálacha a dhéanamh roimh ré ar thaistealaithe atá díolmhaithe ó víosa a bheith acu agus cead isteach a dhiúltú dóibh, más gá.

Dul i ngleic leis na sreabha imirce

(a) *An imirce neamhrialta a chosc feadh bhealach na Meánmhara Láir*

4. Is gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun srian a chur ar sreabha na n-imirceach neamhrialta, go háirithe ón Afraic, agus chun rátaí fillte a fheabhsú. Agus an rannchuidiú suntasach, lena n-áirítear de chineál airgeadais, a thug na Ballstáit túslíne le blianta beaga anuas á aithint ag an gComhairle Eorpach:
- meabhraíonn sí a thábhachtaí atá sé leanúint den obair i dtreo cur chun feidhme creat comhpháirtíochta comhair le tíortha aonair tionscnaimh nó idirthurais, agus le díriú ar an Afraic ar dtús. Is é is cuspóir di féachaint le torthaí sonracha intomhaiste a bhaint amach ó thaobh an imirce neamhrialta a chosc agus imircigh neamhrialta a fhilleadh, agus an gh iaráil is gá a chruthú agus a chur i bhfeidhm trí leas a bhaint as beartais, as ionstraimí agus as uirlisí ábhartha uile an Aontais, lena n-áirítear forbairt agus trádáil;
 - meabhraíonn sí gur gá dul i ngleic le bunchúiseanna na himirce sa réigiún, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt do dhaoine easáitithe sa réigiún, agus cuidiú, ar an dóigh sin, leis an imirce neamhrialta a chosc, agus cuireann sí béim ar rannchuidiú phlean gníomhaíochta Vaileite agus an phlean infheistíochta seachtraí atá beartaithe sa chomhthéacs sin. Is díol sásaimh di Dearbhú Nua-Eabhrac do Dhídeanaithe agus d'Imircigh agus iarrann sí ar na gníomhaithe domhanda go léir glacadh lena gcuid freagrachtaí maidir leis sin;
 - tugann sí dá haire "An chéad tuarascáil ar an dul chun cinn maidir leis an gCreatlach Comhpháirtíochta nua le tríú tíortha faoin gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce";
 - iarrann sí ar an Ardionadaí, ina cáil mar Ardionadaí agus freisin ina cáil mar Leas-Uachtarán ar an gCoimisiún, an dul chun cinn a rinneadh le cúig thír na hAfraice a roghnaíodh a chur in iúl ag Comhairle Eorpach mhí na Nollag agus na chéad torthaí a baineadh amach ó thaobh teacht agus fillte a chur in iúl chomh maith leis sin. Leis sin, leagfar amach treoirlínte chun obair bhreise a dhéanamh ar chomhshocruithe agus féachfar an bhféadfaí an cur chuige a leathnú amach chuig tíortha eile;
 - iarrann sí ar na gníomhaithe go léir leanúint den dlúthchomhar ar na comhshocruithe d'fhonn seachadadh oibríochtúil a threisiú, agus iarrann sí ar na Ballstáit próisis náisiúnta riaracháin a atreisiú maidir le fillteadh.

(b) Rialú ar bhealach na Meánmhara Thoir a chothabháil agus a ghéarú

5. Chun cobhsaíocht fhadtéarmach ar an staid ar bhealach na Meánmhara Thoir a bhaint amach is gá an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc a chur chun feidhme tuilleadh agus leanúint de thacaíocht a thabhairt do thíortha feadh bhealach na mBalcán Thiar. Iarrann an Chomhairle Eorpach:
- go ndéanfar iarrachtaí breise chun dlús a chur le fillleadh ó oileáin na Gréige chuig an Tuirc, i gcomhréir leis an ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, go háirithe trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht agus tapúlacht na nósanna imeachta tearmainn;
 - go gceapfar buan-chomhordaitheoirí go tapa sna teophointí sa Ghréig;
 - go bhfreagróidh na Ballstáit go huile is go hiomlán na glaonna ar acmhainní arna sainaitheint ag na gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais chun cabhrú leis an nGréig;
 - go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn maidir le raon iomlán na ngealltanas, vis-à-vis na Ballstáit uile, atá sa ráiteas ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc, lena n-áirítear maidir le léirscaoileadh víosaí. Iarrtar ar na comhrechtóirí teacht ar chomhaontú laistigh de chúpla seachtain maidir leis an athbhreithniú ar an sásra fionraíochta a chuirtear i bhfeidhm maidir le víosaí.
6. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an dul chun atá déanta maidir le comhshocruithe a fhorbairt leis an Liobáin agus leis an Iordáin chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar do dhídeanaithe agus do na comhphobail aíochta sa dá thír, agus is díol sásaimh di gur síníodh an "Comhghníomh don Todhchaí idir an tAontas Eorpach agus an Afganastáin i ndáil le Saincheisteanna Imirce" ar an 2 Deireadh Fómhair chun dul i ngleic leis na dúshlán a bhaineann leis an imirce neamhrialta agus chun feabhas a chur ar an gcomhar praiticiúil maidir le fillleadh, athlígean isteach agus athimeascadh.

(c) Súil ghéar a choinneáil ar na bealaí eile

7. Leanfaidh an tAontas den chomhar le tíortha eile agus coinneoidh sé súil ghéar ar na sreabha feadh bealaí eile imirce, lena n-áirítear feadh bhealach na Meánmhara Thiar, chun go mbeifear in ann gníomhú go gasta má thagann athrú ar chúrsaí.

Aghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile den straitéis chuimsitheach

8. Iarrann an Chomhairle Eorpach:
- ar EASO a chinntiú go mbeidh an díorma idirghabhála tearmainn oibríochtúil a luaithe is féidir chun tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do Bhallstáit túslíne tráth ar bith. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit na saineolaithe riachtanacha chuig EASO a luaithe is féidir agus comhlánóidh EASO iarrachtaí na mBallstát tríd an oiliúint is gá a chur ar fáil agus trí shaineolaithe nó trí sheirbhísí breise a fháil ar conradh de réir mar is gá, le tacaíocht ón gCoimisiún;
 - ar na Ballstáit a n-iarrachtaí a threisiú chun dlús a chur leis an athshocrú, go háirithe i gcás iarrthóirí tearmainn mionaoiseacha gan tionlacan, agus i gcás na scéimeanna maidir le hathlonnú atá ann faoi láthair¹;
 - ar an gComhairle teacht ar chomhaontú roimh dheireadh na bliana maidir lena seasamh i dtaca leis an bplean infheistíochta seachtraí, atá dírithe ar dhlús a chur leis an infheistíocht agus le cruthú post i dtíortha comhpháirtíochta, d'fhonn teacht ar chomhaontú go mear le Parlaimint na hEorpa sa chéad leath de 2017.
9. Iarrann an Chomhairle Eorpach freisin go leanfaí leis an obair maidir le hathchóiriú ar an gcomhchóras Eorpach tearmainn, lena n-áirítear maidir le conas is féidir prionsabail na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta a chur i bhfeidhm sa todhchaí. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an tsaincheist sin i mí na Nollag.

II. TRÁDÁIL

10. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do bheartas láidir trádála lena mbainfear leas as margaí oscailte le haghaidh fáis agus cruthú post, agus lena gcuirtear san áireamh ag an am céanna na hábhair inní atá ag na saoránaigh. Tá na milliúin post san Aontas ag brath ar an trádáil-an t-inneall is cumhachtaí atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo don fhás. Ar an gcuma chéanna, leis an trádáil, tugtar rogha níos leithne do thomhaltóirí agus cuirtear deiseanna breise ar fáil do ghnólachtaí Eorpacha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas an Aontais do chóras trádála iltaobhach atá oscailte agus bunaithe ar rialacha.

¹ Ní dochar an méid sin do sheasamh na hUngáire agus na Slóvaice, mar a cuireadh i láthair é sna himeachtaí Cúirte a seoladh maidir le Cinneadh Uimh. 2015/1601 ón gComhairle, agus gan dochar do sheasamh na Polainne, atá ag tacú leis na hiarrthóirí.

11. Áirítear i measc leasanna trádála an Aontais Eorpaigh na caighdeáin shóisialta, chomhshaoil agus tomhaltais a chosaint agus a chur chun cinn gan agó, ar caighdeáin iad atá i gcoírlár na slí maireachtála san Eoraip, agus an ceart rialaithe atá ag rialtais a chosaint agus a chur chun cinn go huile is go hiomlán, freisin. Is é an tAontas an bloc trádála is mó ar domhan agus tá sé ar cheann de phríomhthionscnóirí na gcaighdeán domhanda, agus sa cháil sin, leanfaidh sé d'aghaidh a thabhairt ar ábhair inní na saoránach, agus de chúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun freastal ar na hathruithe a thagann le saol domhandaithe, broidiúil an lae inniu.
12. Sa chomhthéacs sin, creideann an Chomhairle Eorpach nach mór dul i ngleic le cleachtais éagóracha trádála, go héifeachtúil agus go diongbháilte. D'fhonn poist Eorpacha a chosaint, iomaíocht chothrom sna margáí oscailte a áirithiú agus an tsaorthrádail a chaomhnú, tá sé ríthábhachtach go mbeadh ionstraimí cosanta trádála an Aontais Eorpaigh éifeachtach in éadan na ndúshlán domhanda atá ann. Chuige sin, beidh gá le comhaontú práinneach cothrom i ndáil le seasamh na Comhairle maidir le gach ionstraim chosanta trádála a nuachóiriú go cuimsitheach faoi dheireadh 2016. Ba cheart na forálacha leordhóthanacha a leagan síos chun dul i ngleic leis na cásanna sin nach iad dálaí na margáí atá i réim iontu. Sa chomhthéacs sin, tugann an Chomhairle Eorpach dá haire an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal "I dtreo beartas láidir trádála san Aontas ar mhaithe le poist agus leis an bhfás" an 18 Deireadh Fómhair 2016.
13. Rinne an Chomhairle Eorpach measúnú ar staid reatha na caibidlíochta atá fós ar bun maidir le comhaontú saorthrádála le comhpháirtithe tábhachtacha. Chuir i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cinneadh pras a dhéanamh an comhaontú cuimsitheach eacnamaíoch agus trádála idir an tAontas agus Ceanada a shíniú agus a chur i bhfeidhm go sealadach agus spreag sí caibidlíocht leanúnach chun go dtiocfar ar réiteach maidir leis na saincheisteanna atá fós gan réiteach a luaithe is féidir.
14. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún leanúint go gníomhach leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú saorthrádála leis an tSeapáin, d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil faoi dheireadh na bliana. Iarrann sí ar an gCoimisiún leanúint den chaibidlíocht le húdaráis na Stát Aontaithe chun go bhféadfár comhaontú saorthrádála atá uailmhianach, cothrom agus cuimsitheach a chur i láthair.
15. Cuireann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé an chaibidlíocht leanúnach a threisiú, caibidlíocht le comhpháirtithe trádála eile, lena n-áirítear Mercosur, atá tiomanta do mhargáí a oscailt suas ar bhealach a bheadh chun tairbhe don dá thaobh.

III. **SAINCHEISTEANNA DOMHANDA AGUS EACNAMAIÓCHA EILE**

16. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur dhaingnigh an tAontas Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide, rud a ghníomhachtaigh teacht i bhfeidhm an chomhaontaithe. Déanfaidh sí athbhreithniú leanúnach ar an aontas fuinnimh, lena n-áirítear na gnéithe go léir de chreat aeráide agus fuinnimh 2030. Ag meabhrú di na conclúidí roimhe seo agus an comhaontú ar thángthas air sa Chomhairle ar an 30 Meán Fómhair 2016, leanfaidh an Chomhairle Eorpach de threoir straitéiseach a thabhairt maidir leis na tograí reachtacha gaolmhara.
17. Athdheimhníonn an Chomhairle Eorpach a conclúidí roimhe seo, inar iarr sí go ndéanfaí na straitéisí éagsúla don mhargadh aonair (an margadh aonair digiteach, aontas na margaí caipitil, an t-aontas fuinnimh agus clár oibre an mhargaidh aonair) a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme faoi 2018. Sa chomhthéacs sin, ba cheart tús a chur gan mhoill leis an obair ar na tograí a tháinig ón gCoimisiún le déanaí, lena n-áirítear maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar rialacha teileachumarsáide agus cóipchirt an Aontais agus maidir leis an mbanda 700 Mhz a úsáid le haghaidh seirbhísí soghluaiste, agus maidir le comhlánú aontas na margaí caipitil, go háirithe trí theacht ar chomhaontú go mear le Parlaimint na hEorpa maidir le rialacha faoi réamheolairí le rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do chuideachtaí agus maidir le hurrúsú.
18. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle teacht ar chomhaontú, ag an gcruinniú a bheidh aici ar an 6 Nollaig, maidir lena seasamh caibidlíochta i ndáil leis an togra nua ón gCoimisiún i leith ciste Eorpach le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha agus iarrtar uirthi an mheastóireacht sheachtrach neamhspleách a sholáthrófar i mí na Samhna a chur san áireamh.
19. Athshonraíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé torthaí nithiúla a bhaint amach faoi mhí na Nollag maidir le tacaíocht ón Aontas do na Ballstáit chun an dífhostaíocht i measc an ógra a chomhrac agus chun feabhas a chur ar chláir an Aontais don óige.

IV. CAIDREAMH SEACHTRACH

20. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe a rinne réimeas na Siria agus a comhghuaillithe, an Rúis go háirithe, ar shaoránaigh in Aleppo. Iarrann sí orthu deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí uafásacha agus bearta práinneacha a dhéanamh chun rochtain dhaonnúil gan bhac a áirithiú ar Aleppo agus ar chodanna eile den tír. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí stad láithreach leis an gcogaíocht agus go gcuirfí tús arís le próiseas inchreidte polaitiúil faoi choimirce na Náisiún Aontaithe. Ní mór iad siúd atá freagrach as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta daonnúil agus ar an dlí um chearta an duine a thabhairt chun cuntais. Déanfaidh an tAontas Eorpach gach rogha atá ar fáil dó a mheas má leanfar de na gníomhaíochtaí uafásacha atá á ndéanamh faoi láthair. Ba cheart an uile ní a dhéanamh le síneadh ama a chur leis an sos cogaidh, cúnaimh daonnúil a thabhairt don daonra sibhialtach agus dálaí a chruthú le tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le haistriú polaitiúil sa tSiria.
21. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí, i gcomhar leis an gCoimisiún, leanúint de thionscnaimh dhaonnúla an Aontais agus d'aslonnú na dtaismeach a shaothrú i gcomhar leis na Náisiún Aontaithe; agus teagmháil a dhéanamh leis na príomhghníomhaithe sa réigiún faoi aistriú polaitiúil agus faoi ullmhúcháin maidir le hathmhuintearas iarchoinbhleachta agus atógáil.
22. Bhí díospóireacht straitéiseach beartais ag an gComhairle maidir leis an gcaidreamh leis an Rúis.